2026/2580

17.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2580 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 8218)

(Is é an téacs Bulgáirise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseachtaí choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach, tá baol suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de Chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm laistigh den chrios sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, crios srianta breise.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 ón gCoimisiún ([4]) tar éis ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar sa Bhulgáir, agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe atá le déanamh ag an mBallstát sin. Go sonrach, déantar foráil le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Foráiltear leis freisin nach mór na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a choinneáil ar bun go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ar a laghad. Ina theannta sin, le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 leagtar síos toirmisc áirithe ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair de dheasca na ráigeanna, lena n-áirítear toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó aon chuid de chríoch na Bulgáire chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh den chríoch sin go dtí an 31 Nollaig 2026.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/948 (IO L, 2025/1160, 10.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1160/oj).

(4) Tráth a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160, rinneadh foráil le hAirteagal 21(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le criosanna srianta breise a bhunú, más gá, timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh. I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche tráth a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160, ba ghá na bearta is infheidhme sna criosanna srianta breise sin a choinneáil i bhfeidhm tar éis na n-íostréimhsí is gá le haghaidh na gcriosanna cosanta agus faireachais. Dá réir sin, déantar foráil faoi láthair in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir le liostú, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis, na limistéar sa Bhulgáir ina mbeidh feidhm ag na bearta is infheidhme maidir le criosanna srianta breise, mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, tar éis na dtréimhsí is infheidhme maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais comhfhreagracha.

(5) Ina dhiaidh sin, leasaíodh Airteagal 21(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/322 ón gCoimisiún ([5]), chun deireadh a chur leis an gceanglas maidir le criosanna srianta breise a bhunú timpeall ar chriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh. Mar thoradh air sin, ní gá go mbeadh baint a thuilleadh ag bunú agus fad na gcriosanna srianta breise le bunú agus fad na gcriosanna cosanta agus faireachais. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 a leasú chun Airteagal 3 a leasú agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis a scriosadh, lena ndéantar foráil shonrach maidir le liostú limistéar sa Bhulgáir atá faoi réir bearta is infheidhme maidir le criosanna srianta breise tar éis na dtréimhsí is infheidhme maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais comhfhreagracha.

(6) Ina theannta sin, ó rinneadh an leasú deireanach ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2207 ón gCoimisiún ([6]), tá fógra tugtha ag an mBulgáir don Choimisiún faoi 17 ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe de chineál caorach i réigiúin Dobrich, Haskovo, Kardzhali, Kyustendil, Plovdiv, Sofia agus Stara Zagora, laistigh den tréimhse ón 24 Meán Fómhair go dtí an 8 Samhain 2026. Bhí cuid de na ráigeanna nua sin lonnaithe lasmuigh de na criosanna srianta a bunaíodh cheana mar thoradh ar ráigeanna roimhe sin, is é sin i réigiúin Dobrich agus Sofia, nár tuairiscíodh an galar iontu roimhe sin. Mar fhreagairt air sin, tá criosanna cosanta agus faireachais bunaithe ag an mBulgáir, ina bhfuil na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 á gcur i bhfeidhm.

(7) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise le haghaidh na Bulgáire in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160, chomh maith le fad na mbeart is infheidhme iontu, ba cheart iad a choigeartú chun an 17 ráig bhreise a chur san áireamh. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 a leasú dá réir, agus Iarscríbhinn II a scriosadh.

(9) Tá méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Sna critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le méid agus líon na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise a roghnú, chomh maith le fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, déantar breithniú ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann an galar sin freisin, chomh maith leis an leibhéal riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair, ní hamháin ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin. Ina theannta sin, maidir le fad na mbeart dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo, rinneadh é a chinneadh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a leagtar amach sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) ([7]).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/322 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2026 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L, 2026/322, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/322/oj).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2207 ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir (IO L, 2026/2207, 1.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/2207/oj).

([7]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/.

(10) Ina theannta sin, i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair sa Bhulgáir a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, agus chun an riosca go leathfaidh an galar sin a thuilleadh a íoslaghdú, is gá síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an toirmisc ar ghluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó chríoch na Bulgáire chuig ceann scríbe atá suite lasmuigh den Bhulgáir, a leagtar síos in Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160. Dá réir sin, ba cheart síneadh a chur leis an toirmeasc sin go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(11) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus i bhfianaise an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair sin ó na bunaíochtaí atá buailte sa Bhulgáir go codanna eile den Bhallstát sin nó go Ballstáit eile, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe a dhéanfar ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 leis an gCinneadh seo a luaithe is féidir.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 mar a leanas:

1. in Airteagal 2(3), cuirtear ‘30 Meitheamh 2027’ in ionad an dáta ‘31 Nollaig 2026’.
2. in Airteagal 3, scriostar an chéad agus an dara mír.
3. cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn I.
4. scriostar Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

Cuid A: Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Réigiún Plovdiv BG-CAPRIPOX-2025-00039 BG-CAPRIPOX-2025-00042 BG-CAPRIPOX-2025-00045 BG-CAPRIPOX-2025-00046 BG-CAPRIPOX-2025-00047 BG-CAPRIPOX-2025-00048 BG-CAPRIPOX-2025-00061 BG-CAPRIPOX-2025-00069 BG-CAPRIPOX-2025-00070 BG-CAPRIPOX-2025-00073 BG-CAPRIPOX-2025-00078 BG-CAPRIPOX-2025-00084 BG-CAPRIPOX-2025-00088 BG-CAPRIPOX-2025-00090 BG-CAPRIPOX-2025-00091 BG-CAPRIPOX-2025-00092 BG-CAPRIPOX-2025-00094 BG-CAPRIPOX-2025-00095 BG-CAPRIPOX-2025-00097 BG-CAPRIPOX-2025-00135 BG-CAPRIPOX-2025-00149 BG-CAPRIPOX-2026-00001 BG-CAPRIPOX-2026-00002 BG-CAPRIPOX-2026-00004 BG-CAPRIPOX-2026-00036 BG-CAPRIPOX-2026-00046	Protection zone: Those parts of the regions of Plovdiv, Haskovo, and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.200, Long. 24.790453 (2025/39), Lat. 42.2829, Long. 24.9637 (2025/42), Lat. 42.2308, Long 25.0438 (2025/45), Lat. 42.2401, Long. 25.0556 (2025/46), Lat. 42.2037, Long. 25.0513 (2025/47), Lat. 42.1959, Long. 25.0566 (2025/48), Lat. 42.0248, Long. 25.096 (2025/61), Lat. 42.2883, Long. 24.6303 (2025/69), Lat. 42.3705, Long. 24.725 (2025/70), Lat. 42.3263, Long. 24.6724 (2025/73), Lat. 42.0146, Long. 25.2956 (2025/78), , Lat. 42.3063, Long. 24.5243 (2025/84), Lat. 41.9443, Long. 25.2481 (2025/88), Lat. 41.9423, Long. 25.2434 (2025/90), Lat. 41.9449, Long. 25.2471 (2025/91), Lat. 42.267, Long. 24.554 (2025/92), Lat. 42.2848, Long. 24.5428 (2025/94), Lat. 42.2757, Long. 24.5373 (2025/95), Lat. 41.9456, Long. 25.2427 (2025/97), , Lat. 42.1483, Long. 25.0517 (2025/135), Lat. 42.0859, Long. 24.7088 (2025/149), Lat. 42.3442, Long. 24.8236 (2026/1), Lat. 42.0275, Long. 25.1041 (2026/4), Lat. 42.605, Long. 24.872 (2026/36), Lat. 42.624, Long. 24.896 (2026/46).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the regions of Plovdiv, , Stara Zagora, Haskovo and Pazardzhik contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.200, Long. 24.790453 (2025/39), Lat. 42.2829, Long. 24.9637 (2025/42), Lat. 42.2308, Long 25.0438 (2025/45), Lat. 42.2401, Long. 25.0556 (2025/46), Lat. 42.2037, Long. 25.0513 (2025/47), Lat. 42.1959, Long. 25.0566 (2025/48), Lat. 42.0248, Long. 25.096 (2025/61), Lat. 42.2883, Long. 24.6303 (2025/69), Lat. 42.3705, Long. 24.725 (2025/70), Lat. 42.3263, Long. 24.6724 (2025/73), Lat. 42.0146, Long. 25.2956 (2025/78), Lat. 42.3063, Long. 24.5243 (2025/84), Lat. 41.9443, Long. 25.2481 (2025/88), Lat. 41.9423, Long. 25.2434 (2025/90), Lat. 41.9449, Long. 25.2471 (2025/91), Lat. 42.267, Long. 24.554 (2025/92), Lat. 42.2848, Long. 24.5428 (2025/94), Lat. 42.2757, Long. 24.5373 (2025/95), Lat. 41.9456, Long. 25.2427 (2025/97), Lat. 42.1228, Long.	30.6.2027

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
	24.9373 (2025/138), Lat. 42.0859, Long. 24.7088 (2025/149), Lat. 42.3905, Long. 25.131 (2025/153), Lat. 42.3442, Long. 24.8236 (2026/1), Lat. 42.0275, Long. 25.1041 (2026/4), Lat. 42.605, Long. 24.872 (2026/36) Lat. 42.624, Long. 24.896 (2026/46), excluding the areas contained in the protection zone.	
Réigiún Haskovo BG-CAPRIPOX-2026-00003 BG-CAPRIPOX-2026-00010 BG-CAPRIPOX-2026-00011 BG-CAPRIPOX-2026-00014 BG-CAPRIPOX-2026-00023 BG-CAPRIPOX-2026-00029 BG-CAPRIPOX-2026-00032 BG-CAPRIPOX-2026-00034 BG-CAPRIPOX-2026-00037 BG-CAPRIPOX-2026-00038 BG-CAPRIPOX-2026-00039 BG-CAPRIPOX-2026-00042 BG-CAPRIPOX-2026-00043 BG-CAPRIPOX-2026-00047 BG-CAPRIPOX-2026-00052	Protection zone: Those parts of the regions of Haskovo, and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.059, Long. 25.981(2026/3), Lat. 42.059, Long. 25.983 (2026/10), Lat. 41.860, Long. 25.510 (2026/11), Lat. 42.054, Long. 25.984 (2026/14), Lat. 41.996, Long. 22.973 (2026/23), Lat. 42.049, Long. 25.992 (2026/29), Lat. 41.651, Long. 22.651 (2026/32), Lat. 42.051, Long. 25.985 (2026/34), Lat. 41.915, Long. 25.554 (2026/37), Lat. 42.056, Long. 25.989 (2026/38), Lat. 41.943, Long. 25.399 (2026/39), Lat. 42.055, Long. 25.985 (2026/42), Lat. 41.867, Long. 25.292 (2026/43), Lat. 41.946, Long. 25.395 (2026/47), Lat. 41.910, Long. 25.520 (2026/52).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the regions of Haskovo and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.059, Long. 25.981(2026/3), Lat. 42.059, Long. 25.983 (2026/10), Lat. 41.860, Long. 25.510 (2026/11), Lat. 42.054, Long. 25.984 (2026/14), Lat. 41.996, Long. 22.973 (2026/23), Lat. 42.049, Long. 25.992 (2026/29), Lat. 41.651, Long. 22.651 (2026/32), Lat. 42.051, Long. 25.985 (2026/34), Lat. 41.915, Long. 25.554 (2026/37), Lat. 42.056, Long. 25.989 (2026/38), Lat. 41.943, Long. 25.399 (2026/39), Lat. 42.055, Long. 25.985 (2026/42), Lat. 41.867, Long. 25.292 (2026/43), Lat. 41.946, Long. 25.395 (2026/47), Lat. 41.910, Long. 25.520 (2026/52), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Réigiún Blagoevgrad BG-CAPRIPOX-2026-00005 BG-CAPRIPOX-2026-00012 BG-CAPRIPOX-2026-00021 BG-CAPRIPOX-2026-00025 BG-CAPRIPOX-2026-00030 BG-CAPRIPOX-2026-00031	Protection zone: Those parts of the region of Blagoevgrad contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 41.470, Long. 23.693 (2026/5), Lat. 42.054, Long. 23.014 (2026/12), Lat. 41.970, Long. 22.914 (2026/21), Lat. 41.459, Long. 23.219 (2026/25), Lat. 41.483, Long. 23.177 (2026/30), Lat. 41.507, Long. 23.157 (2026/31).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Blagoevgrad contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 41.470, Long. 23.693 (2026/5), Lat. 42.054, Long. 23.014 (2026/12), Lat. 41.970, Long. 22.914 (2026/21), Lat. 41.459, Long. 23.219 (2026/25), Lat. 41.483, Long. 23.177 (2026/30), Lat. 41.507, Long. 23.157 (2026/31), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027
Réigiún Stara Zagora BG-CAPRIPOX-2026-00006 BG-CAPRIPOX-2026-00007 BG-CAPRIPOX-2026-00008 BG-CAPRIPOX-2026-00017 BG-CAPRIPOX-2026-00018 BG-CAPRIPOX-2026-00019 BG-CAPRIPOX-2026-00048 BG-CAPRIPOX-2026-00050 BG-CAPRIPOX-2026-00051	Protection zone: Those parts of the region of Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.334, Long. 25.2153 (2026/6), Lat. 42.2401, Long. 25.2523 (2026/7), Lat. 42.2168, Long. 25.2290 (2026/8), Lat. 42.561, Long. 25.410 (2026/17), Lat. 42.558, Long. 25.413 (2026/18), Lat. 42.562, Long. 25.412 (2026/19)? Lat. 42.298, Long. 25.639 (2026/48), Lat. 42.592, Long. 25.032 (2026/50), Lat. 42.592, Long. 25.032 (2026/51).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Stara Zagora and Haskovo contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.334, Long. 25.2153 (2026/6), Lat. 42.2401, Long. 25.2523 (2026/7), Lat. 42.2168, Long. 25.2290 (2026/8), Lat. 42.561, Long. 25.410 (2026/17), Lat. 42.558, Long. 25.413 (2026/18), Lat. 42.562, Long. 25.412 (2026/19), Lat. 42.298, Long. 25.639 (2026/48), Lat. 42.592, Long. 25.032 (2026/50), Lat. 42.592, Long. 25.032 (2026/51), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Réigiún Kyustendil BG-CAPRIPOX-2026-00009 BG-CAPRIPOX-2026-00027 BG-CAPRIPOX-2026-00035	Protection zone: Those parts of the region of Kyustendil contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.197, Long. 22.673 (2026/9), Lat. 42.151, Long. 22.802 (2026/27), Lat. 42.109, Long. 22.840 (2026/35), Lat. 42.204, Long. 22.904 (2026/44), Lat. 42.270, Long. 22.806 (2026/45).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Kyustendil contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.197, Long. 22.673 (2026/9), Lat. 42.151, Long. 22.802 (2026/27), Lat. 42.109, Long. 22.840 (2026/35), Lat. 42.204, Long. 22.904 (2026/44), Lat. 42.270, Long. 22.806 (2026/45), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027
Réigiún Kardzhali BG-CAPRIPOX-2026-00013 BG-CAPRIPOX-2026-00015 BG-CAPRIPOX-2026-00016 BG-CAPRIPOX-2026-00026 BG-CAPRIPOX-2026-00028 BG-CAPRIPOX-2026-00033 BG-CAPRIPOX-2026-00040 BG-CAPRIPOX-2026-00053 BG-CAPRIPOX-2026-00054	Protection zone: Those parts of the region of Kardzhali contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 41.704, Long. 25.601 (2026/13), Lat. 41.720, Long. 25.602 (2026/15), Lat. 41.610, Long. 25.684 (2026/16), Lat. 41.704, Long. 25.610 (2026/26), Lat. 41.608, Long. 25.686 (2026/28), Lat. 41.719, Long. 25.608 (2026/33), Lat. 41.610, Long. 25.684 (2026/16), Lat. 41.735, Long. 25.403 (2026/40), Lat. 41.674, Long. 25.433 (2026/53), Lat. 41.674, Long. 25.433 (2026/54).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Kardzhali contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 41.704, Long. 25.601 (2026/13), Lat. 41.720, Long. 25.602 (2026/15), Lat. 41.610, Long. 25.684 (2026/16), Lat. 41.704, Long. 25.610 (2026/26), Lat. 41.608, Long. 25.686 (2026/28), Lat. 41.719, Long. 25.608 (2026/33), Lat. 41.610, Long. 25.684 (2026/16), Lat. 41.735, Long. 25.403 (2026/40), Lat. 41.674, Long. 25.433 (2026/53), Lat. 41.674, Long. 25.433 (2026/54), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1	Dáta deiridh infheidhmeachta
Réigiún Yambol BG-CAPRIPOX-2026-00024	Protection zone: Those parts of the region of Yambol contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.514, Long. 26.656 (2026/24).	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Yambol contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.514, Long. 26.656 (2026/24), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027
Réigiún Dobrich BG-CAPRIPOX-2026-00055 BG-CAPRIPOX-2026-00056	Protection zone: Those parts of the region of Dobrich contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.563, Long. 28.585 (2026/55), Lat. 43.934, Long. 27.575 (2026/56);	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Dobrich contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 43.563, Long. 28.585 (2026/55), Lat. 43.934, Long. 27.575 (2026/56), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027
Réigiún Shóifia BG-CAPRIPOX-2026-00041 BG-CAPRIPOX-2026-00049	Protection zone: Those parts of the region of Sofia contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.670, Long. 23.640 (2026/41), Lat. 42.663, Long. 23.546 (2026/49);	30.6.2027
	Surveillance zone: Those parts of the region of Sofia contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.760, Long. 23.640 (2026/41), Lat. 42.663, Long. 23.546 (2026/49), excluding the areas contained in the protection zone.	30.6.2027

Cuid B: Criosanna srianta breise

Crios srianta breise	Réigiún	Limistéir atá sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 2	Dáta deiridh infheidhmeachta
Crios srianta breise	**Réigiún Plovdiv**	The entire region of Plovdiv excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Blagoevgrad	The entire region of Blagoevgrad excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Haskovo	The entire region of Haskovo excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Stara Pazardzhik	The entire region of Pazardzhik excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Kyustendil	The entire region of Kyustendil excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Stara Zagora	The entire region of Stara Zagora excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Kardzhali	The entire region of Kardzhali excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Yambol	The entire region of Yambol excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Sliven	The entire region of Sliven excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Burgas	The entire region of Burgas excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Dobrich	The entire region of Dobrich excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027
	Réigiún Shóifia	The entire region of Sofia excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	30.6.2027’